Coveney launches public consultation on Ireland's Nitrates Action Programme

Thursday, 2 March 2017

The Minister for the Hosuing, Planning, Community and Local Government, Mr Simon Coveney, T.D. today (2 March 2017) announced the opening of public consultation in relation to the review of Ireland's Nitrates Action Programme. The public consultation is being launched jointly by Minister Coveney and the Minister for Agriculture, Food and the Marine, Mr. Michael Creed TD.

Ireland's Nitrates Action Programme is given effect by European Communities (Good Agricultural Practice for Protection of Waters) Regulations 2014 (S.I. No. 31 of 2014). The regulations contain specific measures to protect surface waters and groundwater from nutrient pollution arising from agricultural sources. In accordance with the Nitrates Directive these regulations are due to be reviewed this year.

In opening this public consultation Minister Coveney said "*protecting and maintaining water quality is a national priority and Ireland's Nitrates Action Programme plays an important part in achieving this. This review of the Programme gives us an opportunity to ensure it is realising this objective as effectively as possible*".

The review is a key step in the preparation of regulations that will underpin Ireland's fourth Nitrates Action Programme which will remain in place until 2021.

Minister Coveney added: "*I look forward to hearing from a wide range of stakeholders during this important consultation process*".

The closing date for receipt of responses is 28 April 2017. The consultation paper can be downloaded from the Departments' websites at www.housing.gov.ie and www.agriculture.gov.ie. Hard copies can be obtained on request from Water Quality Section, Department of the Housing, Planning, Community and Local Government, Newtown Road, Wexford, tel: 053 9117487, e-mail: waterquality@housing.gov.ie .

ENDS

Seolann Coveney comhairliúchán poiblí ar Chlár Gníomhaíochta na hÉireann maidir le Níotráití

Dé Déardaoin, 2 Márta 2017

D'fhógair an tAire Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil, Simon Coveney T.D., tús inniu (2 Márta 2017) le comhairliúcháin poiblí i dtaca leis an athbhreithniú ar Chlár Gníomhaíochta na hÉireann maidir le Níotráití. Tá an comhairliúchán poiblí á seoladh le chéile ag an tAire Coveney agus ag an tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara, Michael Creed T.D.

Tá Clár Gníomhaíochta na hÉireann maidir le Níotráití curtha i bhfeidhm ag Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Deachleachtais Talmhaíochta ar son Uisce a Chosaint) 2014 (arna leasú). Tá beartais faoi leith sna Rialacháin chun uisce dromchla agus screamhuisce a chosaint ó thruailliú cothaitheach a thagann ó fhoinsí talmhaíochta. I gcomhréir leis an Treoir Níotráití ní mór athbhreithniú a dhéanamh ar na Rialacháin i mbliana.

Dúirt an tAire Coveney agus é ag seoladh an próiseas comhairliúcháin: "*Is tosaíocht mhór náisiúnta í an cháilíocht uisce a chosaint agus a chaomhnú agus tá ról tábhachtach ag Clár Gníomhaíochta na hÉireann maidir le Níotráití í seo a bhaint amach. Tugann an t-athbhreithniú seo deis dúinn cinntiú go bhfuil an Clár ag tacú leis an sprioc seo ar an mbonn is éifeachtaí agus is féidir*".

Is céim thábhachtach í an t-athbhreithniú seo in ullmhúcháin na rialacháin a bheidh mar bhonn agus mar thaca ar an gceathrú Clár Gníomhaíochta maidir le Níotráití a leanfaidh i bhfeidhm go dtí 2021.

Dúirt an tAire freisin: "*Táim ag súil le cloisint ó réimse leathan de pháirtithe leasmhara le linn an phróisis tábhachtach seo*".

Is é an dáta deiridh le haghaidh aighneachtaí a fháil ná 28 Aibreán 2017. Is féidir an doiciméad comhairliúcháin a íoslódáil ó shuíomhanna na ranna ag www.housing.gov.ie agus www.agriculture.gov.ie. Is féidir cóipeanna crua a fháil ach iad a iarraidh ón Rannóg Cáilíochta Uisce, An Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail & Rialtais Áitiúil, Bóthar an Bhaile Nua, Loch Garman, teil: 053 9117487, r-phost: waterquality@housing.gov.ie.

CRÍOCH